



CAOMHNÚ NA N-ACMHAINNÍ IASCAIGH

Tá caomhnú na n-acmhainní iascaigh bunaithe ar an ngá atá ann a chinntiú go saothrófar na hacmhainní sin ar bhealach atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus inmharthanacht fhadtéarmach na hearnála a chinntiú. D'fhonn an cuspóir sin a bhaint amach, tá reachtaíocht glactha ag an Aontas Eorpach lena rialaítear an rochtain ar uiscí AE, leithdháileadh agus úsáid na n-acmhainní, gabhálacha iomlána incheadaithe, teorannú na hiarrachtaí iascaireachta agus bearta teicniúla eile.

AN BUNÚS DLÍ

Airteagal 38 go hAirteagal 43 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

CUSPÓIRÍ

Is é an príomhchuspóir ná inmharthanacht fhadtéarmach na hearnála a chinntiú trí shaothrú inbhuanaithe na n-acmhainní.

A BHFUIL BAINTE AMACH

- A. Na bunphrionsabail lena rialaítear rochtain ar uiscí agus ar acmhainní
 - 1. Rochtain ar uiscí AE
 - a. Prionsabal na rochtana comhionainne

Is é an riail ghinearálta ná go bhfuil rochtain chothrom ag soithí iascaireachta AE ar na huiscí agus ar na hacmhainní ar fud AE.

- b. Srian sa limistéar 12 mhíle

Is eisceacht é seo ar phrionsabal na rochtana comhionainne ar uiscí AE, a bhfuil feidhm aige laistigh de 12 mhuirmhíle ó na bonnlínte. Sna limistéir sin, féadfaidh na Ballstáit cearta eisiacha iascaireachta a choinneáil. Eascraíonn an maolú seo as an ngá atá ann na limistéir is íogaire a chaomhnú trí shrian a chur leis an iarracht iascaireachta agus cosaint a thabhairt do na gníomhaíochtaí iascaireachta traidisiúnta a bhfuil pobail áirithe cois cósta ag brath orthu dá bhforbairt shóisialta agus eacnamaíoch. Déantar bearta lena mbunaítear na coinníollacha lena rialaítear an rochtain ar uiscí agus acmhainní a ghlacadh ar bhonn na faisnéise bitheolaíche, socheacnamaíche agus teicniúla atá ar fáil. Cuireadh síneadh leis an srian sin go dtí deireadh na bliana 2014 le Rialachán (CE) Uimh. 1152/2012.



c. Srianata rochtana lasmuigh den limistéar 12 mhíle

In 2005, d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht ([COM\(2005\)0422](#)) faoin athbhreithniú ar shrianata áirithe ar rochtain sa Chomhbheartas Iascaigh (CBI) (Bosca Shealtainn agus Bosca Leathóige). Eisíodh an teachtaireacht sin mar fhreagairt ar an oibleagáid measúnú a dhéanamh ar na cúiseanna atá le srianata ar an rochtain ar uiscí agus acmhainní lasmuigh den limistéar 12 mhíle. Bunaíodh Bosca Shealtainn chun rochtain ar speicis a rialú, speicis atá fíorthábhachtach don réigiún agus atá íogair ó thaobh na bitheolaíochta de, agus bunaíodh an Bosca Leathóige chun líon na n-iasc leathógach a aiscuirtear a laghdú, leathóga go háirithe, san iascach sa Mhuir Thuaidh. Rinneadh foráil sa teachtaireacht maidir le srianata ar an rochtain ar Bhosca Shealtainn a choinneáil ar feadh trí bliana eile, ach i gcás an Bhosca Leathóige níor socraíodh dáta ar bith mar gheall ar an éiginnteacht faoi fhad agus raon feidhme na staidéar is gá.

2. Leithdháileadh na n-acmhainní agus an saothrú inbhuanaithe

a. Prionsabal na cobhsaíochta coibhneasta

Leithdháiltear na deiseanna iascaireachta ar na Ballstáit ar bhealach lena gcinntítear cobhsaíocht choibhneasta na ngníomhaíochtaí iascaireachta le haghaidh gach stoic lena mbaineann. Faoi phrionsabal na cobhsaíochta coibhneasta, atá bunaithe go háirithe ar leibhéil stairiúla na ngabhálacha, ní mór céatadán seasta den iarracht iascaireachta údaraithe a choinneáil do na príomhspeicis tráchtála do gach Ballstát. Ní mór go mbeadh an iarracht iascaireachta seasmhach i gcoitinne san fhadtéarma, i bhfianaise a thábhachtaí agus atá sé a chinntiú gur féidir leanúint ar aghaidh leis an iascaireacht, go háirithe i réigiúin atá ag brath go mór ar an iascach le fada.

b. Saothrú inbhuanaithe

Ceann de thosaíochtaí CBI is ea caomhnú na n-acmhainní tríd an acmhainneacht iascaireachta a chur in oiriúint do na deiseanna iascaireachta. Chun saothrú inbhuanaithe a bhaint amach, is gá na stoic éisc a bhainistiú i gcomhréir le prionsabal na huastáirgeachta inbhuanaithe (MSY). Chun na críche sin, bunaítear cinntí CBI ar an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil agus cuirtear an cur chuige réamhchúraim i bhfeidhm, sa chaoi nach féidir an easpa faisnéise eolaíche leordhóthanaí a úsáid mar chúis chun bearta ar mhaithe le speicis a chaomhnú a chur siar nó a sheachaint. Maidir leis an saothrú inbhuanaithe, is gá cur chuige bunaithe ar éiceachóras i leith bainistiú iascaigh a thabhairt isteach de réir a chéile.

B. Caomhnú na n-acmhainní iascaigh

1. Gabhálacha iomlána incheadaithe agus an teorannú iarrachta

a. Gabhálacha a theorannú

Na gabhálacha iomlána incheadaithe (TACanna), atá bunaithe ar chomhairle eolaíoch ón gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (CITM) agus ón gCoiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI), déantar iad a ríomh go bliantúil go fóill le haghaidh fhormhór na stoc ionas gur féidir iad a choigeartú de réir athruithe ar leibhéil na stoc. É sin ráite, faoi na socruithe do bhainistiú ilbhliantúil na n-acmhainní, beidh teorainneacha na ngabhálacha níos cobhsaí, rud a chuirfidh ar chumas na n-iascairí a gcuid gníomhaíochtaí a phleanáil ar bhealach níos fearr.



b. An iarracht iascaireachta a theorannú

Féadfar bearta maidir le teorannú na hiarrachta iascaireachta a ghlacadh mar chuid de phleananna maidir le hathbhunú na stoc atá i mbaol. Bíonn siad i bhfoirm srianta ar líon na laethanta iascaireachta a údaraítear gach mí, mar shampla. Braitheann an líon sin ar an trealamh atá á úsáid, ar an limistéar iascaireachta a dtugtar cuairt air (bunaithe ar ranna CITM), ar na spriocspeicis agus, b'fhéidir, ar chumhacht an tsoithigh. D'fhonn tuilleadh solúbthachta a chinntiú, féadfaidh an Ballstát na laethanta sin a chionroinnt ar na soithí éagsúla ina chabhlach.

c. Bearta teicniúla

Go ginearálta, féachtar leis na bearta sin le cosc a chur ar ghabhálacha na n-iasc óg, na speiceas neamhthrachtála agus na n-ainmhithe muirí eile. Cumhdaíonn siad spriocspeicis agus speicis ghaolmhara (i gcás an iascaigh mheasctha), limistéar oibriúcháin agus na cineálacha trealaimh a fhéadfar a úsáid. Cumhdaítear an méid a leanas leis na bearta teicniúla is coitianta:

- Trealamh iascaireachta, lena sonraítear íosmhéid an mhogaill agus struchtúr ar leith le haghaidh eangach, agus líon na n-eangach a fhéadfar a iompar ar bord;
- Comhdhéanamh na bhfoghabhálacha ar bord, agus teorainneacha orthu;
- Trealamh roghnaitheach iascaireachta a úsáid chun laghdú a dhéanamh ar thionchar na ngníomhaíochtaí iascaireachta ar éiceachórais mhuirí agus ar speicis nach spriocspeicis iad;
- Limistéir agus tréimhsí ina bhfuil toirmeasc ar ghníomhaíochtaí iascaireachta, nó srian leo, lena n-áirítear chun iasclanna agus láithreacha sceite a chosaint;
- Íosmhéid a shocrú do speicis a fhéadfar a choinneáil ar bord/nó a thabhairt i dtír.

I gcás bagairt thromchúiseach ar chaomhnú na mbeo-acmhainní uisceacha nó ar an éiceachóras muirí mar gheall ar ghníomhaíochtaí iascaireachta agus gur gá beart a dhéanamh láithreach dá bhrí sin, is féidir leis an gCoimisiún agus na Ballstáit (nó na Ballstáit amháin ar a dtionscnamh féin) bearta éigeandála a ghlacadh chun stoic éisc a chosaint agus cothromaíocht an éiceachórais mhuirí atá i mbaol a athbhunú.

De rogha air sin, is féidir le Ballstáit bearta caomhnaithe agus bainistithe a ghlacadh a bhfuil feidhm acu maidir le gach soitheach iascaireachta atá laistigh dá limistéar 12 mhíle, ar choinníoll nach bhfuil na bearta sin idirdhealaitheach agus go ndeachaigh siad i gcomhairle leis an gCoimisiún, leis na Ballstáit eile a ndéantar dífeall dóibh agus leis an gComhairle Chomhairleach Réigiúnach (RAC). Mar sin féin, más rud é go bhfuil na bearta sin níos déine ná reachtaíocht AE, ní fhéadfaidh na Ballstáit iad a chur i bhfeidhm ach ar shoithí iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain orthu in uiscí a thagann faoina gceannasacht agus faoina ndlínse.

Ar deireadh, déantar tionscadail iascaireachta thrialacha d'fhonn an caomhnú a chur chun cinn agus teicnící roghnaitheacha iascaireachta a fhiosrú.

2. Straitéis fhadtéarmach maidir le bainistiú na n-acmhainní iascaigh

Féachtar le pleananna ilbhliantúla maidir le bainistiú stoc le méid na stoc a choinneáil laistigh de teorainneacha bitheolaíochta sábháilte. Leagtar síos sna pleananna sin



gabhálacha uasta agus raon beart teicniúil, agus aird chuí á tabhairt ar shaintréithe gach stoic agus an iascaigh ina bhfuil sé le fáil (na spriocspeicis, an trealamh atá in úsáid, stádas na spriocstoc) agus ar an tionchar eacnamaíoch a bheidh ag na bearta ar an iascach lena mbaineann.

Cuirtear pleananna ilbhliantúla maidir le hathbhunú stoc i bhfeidhm do stoic éisc atá i mbaol. Tá siad bunaithe ar chomhairle eolaíoch agus déantar foráil iontu do shrianta ar an iarracht iascaireachta (teorainneacha ar líon na laethanta a bhíonn soithí ar muir). Cinntíonn siad go gcoinneofar 'tionchar na ngníomhaíochtaí iascaireachta ar éiceachórais mhuirí ag leibhéal inbhuanaithe'.

3. Bainistiú cabhlaigh

Tríd an mbainistiú cabhlaigh is féidir an acmhainneacht iascaireachta a choigeartú sa chaoi is go gcinnteofar cothromaíocht sheasmhach agus inbhuanaithe idir an acmhainneacht iascaireachta agus deiseanna iascaireachta. Áirítear leis sin:

- Líon agus cineálacha na soithí a bhfuil cead acu dul i mbun iascaireachta (e.g. trí cheadúnais iascaireachta);
- Úsáid a bhaint as clár cabhlaigh chun an acmhainneacht iascaireachta a rialú agus faireachán a dhéanamh uirthi;
- Scéimeanna dul isteach/amach agus bearta foriomlána laghdaithe acmhainneachta a chur chun feidhme;
- Bearta chun laghdú a dhéanamh ar an iarracht iascaireachta a chur chun feidhme agus na leibhéal tagartha a shocrú;
- Ceangal a chur ar na Ballstáit a n-acmhainneacht chabhlaigh a thuairisciú;
- Úsáid a bhaint as ionstraimí an Chiste Eorpaigh Iascaigh (CEI) chun an acmhainneacht iascaireachta a choigeartú.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

D'áitigh Parlaimint na hEorpa i gcónaí gur cheart prionsabail an réamhchúraim agus na hinbhuanaitheachta a leanúint in ábhair a bhaineann le hacmhainní. Ó 2008 i leith, tugadh aird níos mó ná mar a tugadh roimhe sin ar na leasuithe arna gcur síos ag an gCoiste um Iascach i bParlaimint na hEorpa maidir le bainistiú na stoc éisc agus pleananna téarnaimh. Ba é athbhreithniú 2008 ar an bplean téarnaimh don trosc an nós imeachta ina ndearnadh an líon is mó athruithe sular glacadh é. An 6 Iúil 2016, ghlac Parlaimint na hEorpa^[1] agus an Chomhairle Rialachán (AE) 2016/1139 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na stoic troisc, scadáin agus saláin i Muir Bhailt. Cuirtear na hidirghníomhaíochtaí bitheolaíocha láidre atá ann san áireamh sa chur chuige réigiúnach nua sin. Bunaítear leis plean iascaigh ilspeiceas ina gcuirtear san áireamh an caidreamh dinimiciúil sna huiscí sin idir na stoic troisc, scadáin agus saláin, chomh maith le foghabhálacha na stoc sin, eadhon na stoic leathóige, leithe, turbaird agus broite i Muir Bhailt.

[1]Ghlac an Pharlaimint a seasamh ar an gcéad léamh an 23 Meitheamh 2016, Téacsanna a glacadh, [P8_TA\(2016\)0287](#).



Maidir leis an iascaireacht ar stoic dhomhainfharraige, tá Parlaimint na hEorpa tiomanta d'fheabhas a chur ar úsáid inbhuanaithe na stoc sin agus éiceachórais domhainfharraige a chosaint. An 30 Meitheamh 2016, tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú maidir leis an ngá atá ann athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha atá ann cheana arna leagan síos in 2002 le Rialachán (CE) 2347/2002 ón gComhairle. Is é an aidhm atá ann ná córas athbhreithnithe a bhunú maidir leis an iascaireacht ar speicis domhainfharraige in AE agus in uiscí seachtracha an Atlantaigh Láir Thoir.

An 14 Meán Fómhair 2016, ghlac an Pharlaimint agus an Chomhairle Rialachán (AE) 2016/1627 maidir le plean téarnaimh ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir^[2]. Cuirtear san áireamh sa phlean sainiúlachtaí na gcineálacha éagsúla trealamh agus teicnící iascaireachta, agus cuirtear chun cinn úsáid na gceann roghnaitheach a bhfuil tionchar comhshaoil laghdaithe acu, rud a chuirfidh, dá bhrí sin, le caighdeán maireachtála cothrom do na pobail áitiúla.

An 22 Samhain 2016, ghlac an Pharlaimint agus an Chomhairle Rialachán (AE) 2016/2094 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008 ón gComhairle lena mbunaítear plean fadtéarmach don stoc trosc agus don iascach a shaothraíonn an stoc sin^[3]. Bhí sé mar aidhm le hathbhreithniú an phlean a chinntiú go ndéanfaí saothrú lena ndéanfaí na stoc sin a athbhunú agus a choinneáil os cionn na leibhéal lenar féidir an uastáirgeacht inbhuanaithe a bhaint amach.

An 4 Iúil 2016, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Rialachán (AE) 2018/973 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic ghrinnill sa Mhuir Thuaidh agus do na hiascaigh a shaothraíonn na stoic sin^[4], lena sonraítear mionsonraí maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír sa Mhuir Thuaidh. Cumhdaítear sa 'phlean' saothrú liosta de stoic ghrinnill, agus, má leathnaíonn na stoic sin amach níos faide ná an Mhuir Thuaidh, ina huiscí máguaird.

An 13 Samhain 2018, ghlac an Pharlaimint a seasamh ar an gcéad léamh ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic peiligeach beag i Muir Aidriad agus do na hiascaigh a shaothraíonn na stoic sin^[5]. Is iad aidhmeanna na bpleananna ilbhliantúla ná stoic éisc a athbhunú agus bainistiú ar bhonn inbhuanaithe a bhaint amach maidir leis na speicis sin a ndéantar saothrú tráchtála orthu.

An 12 Feabhra 2019, ghlac an Pharlaimint a seasamh ar an gcéad léamh ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic éisc in Uiscí an Iarthair agus in uiscí máguaird agus do na hiascaigh a shaothraíonn na stoic sin^[6].

[2] IO L 252, 16.9.2016, Ich. 1.

[3] IO L 330, 3.12.2016, Ich. 1.

[4] IO L 179, 16.7.2018, Ich. 1

[5] Téacsanna a glacadh, P8_TA(2018)0445.

[6] Téacsanna a glacadh, P8_TA(2019)0069.



An 4 Aibreán 2019, ghlac an Pharlaimint a seasamh ar an gcéad léamh ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na hiascaigh a shaothraíonn stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar.^[7]

An 4 Aibreán 2019, ghlac an Pharlaimint a seasamh ar an gcéad léamh ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le plean téarnaimh ilbhliantúil don cholgán Meánmhuirí.^[8]

Ar deireadh, an 16 Aibreán 2019, ghlac an Pharlaimint a seasamh ar an gcéad léamh ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla^[9]. Bhí sé mar aidhm leis sin creat athnuaithe a fhorbairt chun bearta teicniúla a rialú chun tacú le cur chun feidhme an Chomhbheartais Iascaigh.

Carmen-Paz Martí
05/2019

[7]Téacsanna a glacadh, P8_TA(2019)0344.

[8]Téacsanna a glacadh, P8_TA(2019)0353.

[9]Téacsanna a glacadh, P8_TA(2019)0381.

